



Imlitir 0009 /2015

Chuíg: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna Aitheanta

Íoc Speansas Taistil le Múinteoirí GAM/EAL (Tacaíocht Foghlama /Teanga) agus le Múinteoirí Acmhainne i mBunscoileanna Aitheanta.

Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna duitse na rialacháin agus na nósanna imeachta maidir le speansas taistil a íoc le múinteoirí incháilithe atá cláraithe agus fostaithe mar mhúinteoirí GAM/EAL (Tacaíocht Foghlama/Teanga) nó mar mhúinteoirí acmhainne i bpoist mhúinteoireachta arna maoiniú le hairgead a sholáthraigh an tOireachtas.

Tá na rialacháin agus na nósanna imeachta le cur i bhfeidhm ag gach fostóir le héifeacht ó Dé Luain 13 Aibreán, 2015 agus ní mór do gach múinteoir cloí leis na téarmaí a leagtar síos san Imlitir seo.

Gabhann an Imlitir seo in ionad Imlitir 01/02 maidir le speansas taistil a íoc le múinteoirí GAM/EAL (Tacaíocht Foghlama/Teanga) agus le múinteoirí acmhainne i mBunscoileanna aitheanta.

Cinntigh go gcuirfear cóipeanna den imlitir seo ar fáil do bhaill uile an Bhoird Bainistíochta agus go gcuirfear na múinteoirí GAM/EAL (Tacaíocht Foghlama/Teanga) agus na múinteoirí acmhainne uile atá fostaithe agat ar an eolas faoina bhfuil ann, iad siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh.

Is féidir rochtain ar an Imlitir seo ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie Imlitreacha agus Foirmeacha - Imlitreacha Gníomhacha.

Pádraig Maloney
An Rannóg Párolla.
Feabhra 2015.

Aguisín 1 cothrom le dáta Lúnasa 2015

1 RÉAMHRÁ

- 1.1 Tá speansais taistil iníoctha le múinteoirí GAM/EAL (Tacaíocht Foghlama/Teanga) agus le múinteoirí acmhainne atá sannta do leanaí a theagasc faoi shocruithe cnuasaithe agus a bhfuil de riachtanas orthu taisteal idir scoileanna lena ndualgais mhúinteoireachta a chomhlíonadh.

Réitítear socrú cnuasaithe idir dhá scoil nó níos mó sa chomharsanacht chéanna nuair nach bhfuil dóthain uaireanta GAM/EAL nó uaireanta acmhainne chun post lánaimseartha a chruthú. De ghnáth is é is cnuasach ann ná scoil bhunáite agus scoil amháin nó níos mó nach scoileanna bunáite iad.

- 1.2 Níl speansais taistil iníoctha ach amháin i leith na dturas seo a leanas:
- Taisteal idir an scoil bhunáite agus scoil neamh-bhunáite nó idir dhá scoil neamh-bhunáite nuair atá an múinteoir sceidealaithe le bheith ag obair in dhá scoil nó níos mó in aon lá amháin.
 - Taisteal idir teach cónaithe an mhúinteora agus scoil neamh-bhunáite do na ciliméadair taistil sa bhreis ar an achar idir teach cónaithe an mhúinteora agus an scoil bhunáite.

- 1.3 Tá speansais taistil a eascraíonn as taisteal a ndearnadh cuntas orthu in 1.2 thuas saor ó cháin mar a leagtar síos i ndoiciméad na gCoimisinéirí Ioncaim dar teideal Cáin Ioncaim, Ráiteas Cleachtais SP-IT/2/07.
http://www.revenue.ie/en/practitioner/law/statements-of-practice/sp_it_2_07.pdf

Ba cheart do bhaill de Bhoird Bhainistíochta, do phríomhoidí, do mhúinteoirí GAM/EAL (Tacaíocht Foghlama/Teanga) agus do mhúinteoirí acmhainne iad féin a chur ar an eolas faoina bhfuil sa doiciméad seo agus a chinntiú go gcomhlíontar na téarmaí a leagtar amach ann i gcónaí.

- 1.4 Níl speansais taistil iníoctha i leith taistil idir teach an mhúinteora agus a scoil bhunáite.
- 1.5 Ba cheart taisteal oifigiúil a dhéanamh ar an mbealach is giorra atá indéanta.
- 1.6 Níl speansais taistil iníoctha nuair a bhíonn rogha iompair phoiblí atá oiriúnach ar fáil.
- 1.7 Ní mór do sceideal oibre an mhúinteora don bhliain acadúil bheith comhaontaithe ag Cathaoirligh na mBord Bainistíochta agus ag Príomhoidí na scoileanna lena mbaineann an socrú cnuasaithe. Ba cheart é a chomhaontú ag tús na scoilbhliana nó chomh luath is féidir ina dhiaidh sin. Má tharlaíonn go gcaitear sceideal oibre a athrú le linn na scoilbhliana, ní mór do na hathruithe sin bheith comhaontaithe ag Cathaoirligh na mBord Bainistíochta agus ag na Príomhoidí.
- 1.8 Ba cheart sceidil oibre a shocrú lena chinntiú nach gcaitear ach an t-íosmhéid ama ag taisteal idir scoileanna. Níor cheart do mhúinteoir taisteal idir scoileanna le linn an lae scoile ach amháin i gcúinsí eisceachtúla.

- 1.9 Faoi théarmaí na himlitreach seo, níl speansais taistil iníoctha i ndáil le ceannach trealaimh, le leabhar agus ábhar, ná le taisteal a bhaineann le freastal ar chúrsaí.
- 1.10 Níl speansais taistil iníoctha le múinteoir a bhfuil conarthaí éagsúla aige/aici le huaireanta páirtaimseartha a oibriú i níos mó ná scoil amháin taobh amuigh de na socruithe cnuasaigh.

2 SPEANSAS TAISTIL A ÉILEAMH

- 2.1 Chun speansais taistil a éileamh, ní mór an Fhoirm Iarratais ar Speansais Taistil. Tá an fhoirm ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne, www.education.ie
- 2.2 Ba cheart éilimh a chur isteach go pras ag deireadh gach bliain acadúil: Téarma na Nollag, Téarma na Cásca agus Téarma an tSamhraidh.
- 2.3 Ní mór an fhoirm **a chomhlánú go leictreonach**. Tar éis a comhlánaithe, ní mór í a chur i gcló agus ní mór don mhúinteoir agus do Phríomhoide na scoile bunáite í a shíniú.
- 2.4 Ní mór an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig: Rannóg Párolla Bunscoile, Speansais Taistil, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.
- 2.5 Seolfar ar ais foirmeacha iarratais atá neamhiomlán nó mícheart agus **cuirfear moill ar fócaíochtaí** dá bharr.

3 SLÁNAÍOCHT

- 3.1 Ní mór don Bhord Bainistíochta a chinntiú go gcomhlánófar an fhoirm shlánaíochta atá ceangailte le hAguisín 1 sula ndéanfaidh múinteoir taisteal ar ghnó oifigiúil scoile.
- 3.2 Ní mór don Bhord Bainistíochta an fhoirm shlánaíochta a choinneáil sa scoil le go mbeidh sí ar fáil lena hiniúchadh.
- 3.3 Ní mór foirm shlánaíochta nua a chomhlánú nuair a athróidh múinteoir a c(h)uideachta árachais. Ní mór don Bhord Bainistíochta an fhoirm shlánaíochta nua a choinneáil sa scoil.

4 CEISTEANNA

- 4.1 Ba cheart ceisteanna maidir le híocaíocht speansas taistil faoi théarmaí na himlitreach seo a sheoladh tríd an ríomhphost chuig – travelexpenses_primary@education.gov.ie

Aguisín 1

Dearbhú Slánaíochta

Le comhlánú ag baill foirne a fhéadfaidh bheith i mbun taistil oifigiúil

Ní mór do bhall foirne, atá údaraithe a mhodh iompair féin a úsáid ar ghnó oifigiúil scoile, an gealltanais seo thíos a shíniú.

Aithním go bhfuil an t-údarás a tugadh dom mo mhótarfheithicil féin a úsáid ar ghnó oifigiúil faoi réir ag aon rialacháin ábhartha nó ag coinníollacha a gcuirtear i bhfeidhm ó am go céile agus, go háirithe, ag an gcoinníoll go bhfuil sé curtha faoi árachas, agus go mbeidh sé faoi árachas, agamsa chun críocha an Achta um Thrácht ar Bhóithre, 1961. Chuir mé eolas chuig mo árachóir mótaí maidir leis an úsáid ghnó seo agus tá sé léirithe i mo pholasaí árachais mótaí. Tá sé faoi árachas faoi láthair ag _____ agus geallaimse mo Bhord Bainistíochta a chur ar an eolas maidir le haon athrú ar an scéal seo.

Deimhním nach bhfuil toirmeasc orm tiomáint de bharr aon srianta dlí arna bhforchur ag an gcóras breithiúnach.

Tá a fhios agam nach nglacfaidh Bord Bainistíochta

(cuir isteach uimhir rolla agus ainm na scoile)

ná an Roinn Oideachais agus Scileanna, ná an Stát, le dliteanas i leith aon chaillteanais ná damáiste a tharlódh de thoradh ar an úsáid a bhainfidh mé as mótarfheithicil chun críocha gnó oifigiúil, lena n-áirítear forbairt ghairmiúil.

Síniú: _____

Dáta: _____